# Eachtraí Mara

# Mhaoile Dúin

26 Meitheamh 2026

Liam Breatnach

Séamas Mac Bhloscaidh

Athinsint Nua-Ghaeilge
ar an scéal Sean-Ghaeilge
Immram Curaig Máele Dúin

Ba de mhianach uasal Maol Dúin – duine de Eoganacht Ninussa, an dream céimiúil sin ar leo tiarnas thuaisceart an Chláir agus oileán Árainn.

Ba é Ailill Ochair Ága a b'athair dó – óglach cumasach, tréanfhear agus taoiseach ar a chineál féin. Bean rialta ba mháthair dó - bean óg, ach í ina máthair-ab ar chlochar siúracha san áit ara dtugtar anois Cill Dara.

Mar seo a tharla coimpeart agus gin Mhaoile Dúin.

Tráth a ndearna Rí Eoganacht na Mumhan ruathar aneas le foghail agus creachadh a dhéanamh ar na críocha ó thuaidh, bhí Ailill Ochair Ága sa tslua leis, mar ba dual dó. Sa ruathar sin dóibh, rinne airm na Mumhan longphort oíche amháin ar shliabh a bhí san áit agus, mar a tharla, in áit a bhí cóngarach go maith do chlochar seo na mban rialta.

Ar uair an mheán oíche, nuair a chiúnaigh fothram an longphoirt agus a shocraigh slua na Mumhan chun suain, chuaigh Ailill ag siúl dó féin i dtreo an chlochair. Ba ag an am sin díreach a tháinig an mháthair-ab óg amach go mbuailfeadh sí clog na cille le hiarmhéirí an mheán-oíche a fhógairt do na siúracha a bhí ina cúram. Chuaigh sí fhad le hAilill. Fuair sé féin greim láimhe uirthi, leag ar an drúcht í, agus luigh léi.

'Ní sona ár dteagmháil.' ar sise, 'Díreach anois atá mé féin in am coimpeartha. Cé thusa, a óglaigh? Inis dom d'ainm agus cé ar díobh thú.'

'Mise Ailill Ochair Ága,' ar seisean, 'agus de Eoganacht Ninussa mé.' Agus shiúil sé leis.

I ndiaidh do Rí Eoganacht na Mumhan na críocha ó thuaidh a chreachadh agus gialla a ghabháil, thug sé aghaidh ar a ríocht féin arais agus Ailill Ochair ina theannta. Ach níorbh fhada sa bhaile Ailill. Creachadóirí mara ó Laois a rinne é a mharú le linn dóibh ionsaí a dhéanamh ar ríocht Eoganacht na Mumhan. Ní amháin sin, ach loisceadh agus leagadh anuas ar a chorp an teampall sin

ar a dtugtar Dubhchluain.

Trí ráithe ina dhiaidh sin a tháinig tinneas clainne ar an tsiúr óg agus mac a saolaíodh di. Maol Dúin a tugadh mar ainm air. Ach ó tharla buancharadas a bheith idir í féin agus bean an rí tugadh as faoi cheilt an leanbh nuabheirithe agus cuireadh chuig an rítheach é, lena oileadh mar bhall den rítheaghlach – an bhanríon mar mháthair altrama aige agus triúr mac an rí ina gcomhaltaí aige. Ach más mar sin a beartaíodh, tugadh le fios (don ghasúr óg agus don tsaol mhór) gur mac leis an ríon Maol Dúin agus ba mar sin a tógadh é agus a hoileadh é – aon mhuime amháin aige féin agus triúr mac na ríona; clann mhac an rí in aon chliabhán leis, ar aon chíoch leis agus ar aon ghlúin leis.

D'fhás sé aníos ansin agus ba dheachumtha an stócach é; déartaí faoi nach raibh duine ar bith ar mhachairí na hÉireann a bhí inchurtha leis le maise, le breáthacht agus le háilleacht a phearsa. Tháinig sé i méadaíocht agus in inmhe le himeacht aimsire ansin go ndearna óglach de agus gur fhoghlaim sé cleasanna cogaidh agus gaiscíochta an ama sin agus go ndeachaigh sé i dtaithí ar chulaith ghaisce agus ar threalamh catha na linne a láimhdeachas. Ba mhór a áilleacht agus a chlisteacht ansin agus ba aige a bhíodh an bua i dtolamh i measc mhacra an rítheaghlaigh sna cluichí uilig a ba ghnách a bheith acu san am – rásaíocht agus léimnigh, caitheamh sleánna agus caitheamh meáchan agus rásaíocht chapall.

Lá de na laethanta seo, ghabh racht éada fear óg uaibhreach de chuid an mhacra agus labhair sé le Maol Dúin go hoscailte, go borb agus go maslaitheach:

'Bhuel anois, a Mhaol Dúin,' ar seisean, 'tusa nach eol dúinn cén chlann nó cén cineál lena mbaineann tú, agus nach bhfuil fhios againn fiú cén cú a chac ar thaobh an charn aoiligh thú – nach breá mar sin féin gur tú féin a bhíonn chun tosaigh orainn uilig i ngach áit agus i ngach comórtas agus i ngach cluiche a bhíonn againn – ar muir, ar tír, ar uisce, agus ar chlár na fichille féin.'

Thost Maol Dúin. Bhí sé tuigthe aige go dtí an nóiméad sin go mba mhac leis an rí agus leis an bhanríon é. Chuaigh sé fhad lena mháthair altrama agus labhair sé léi. Gheall sé go ndéanfadh sé troscadh agóide ina coinne muna ndéarfadh sí leis cérbh í a mháthair agus cérbh é a athair.

'Spleoid ort, a mhic,' arsa an muime. 'Caidé'n chiall duit a bheith do do bhuaireamh féin le baothchaint lucht an éada? Is mise do mháthair agus is é an rí d'athair agus ní lú ár ngrá duit ná ár ngrá do dhuine ar bith eile ar an tsaol.'

'Is mór agam agus is breá liom do chuid briathra,' arsa Maol Dúin. 'Ach greim ní rachaidh thar mo bheola go mbíonn fhios agam cé hiad nó cérbh iad mo thuismitheoirí féin.'

Thug an bhanríon ansin léi é fhad le clochar na mban rialta gur fhág sí i bhfochair a mháthar féin é. D'agair sé í a inse dó cérbh é a athair.

'Dheamhan tairbhe duit an t-eolas sin agat,' ar sise. 'agus is beag a mhaith a thiocfadh leis a dhéanamh duit, mar is fada san uaigh é.'

'B'fhearr liom agam an t-eolas mar sin féin,' ar seisean. Nocht a mháthair ansin an fhírinne dó.

'Ba é Ailill Ochair Ága d'athair,' ar sise. 'De Eoganacht Ninussa é.'

Thriall Maol Dúin ansin ar áit dhúchais a athar – ar a mhuintir féin agus ar a oidhreacht féin. Bhí a chomhaltaí mar chomhluadar leis ar an aistear – ba bhreá na hóglaigh iad sin fosta agus ba ionúin leis uilig iad. Cuireadh fáilte chroíúil roimhe ansin agus ba iad a mhuintir féin a chuir misneach agus meanma arís ann.

Ach baineadh siar arís as tamall gearr ina dhiaidh sin. Baicle fear óg a bhí fá reilg Chill Dubhchluain agus iad i mbun cluiche caitheamh meáchan. Ar bhallóg loiscthe na heaglaise a bhíodh Maol Dúin ina sheasamh don chluiche agus thar fothrach na heaglaise a chaitheadh sé cloch an mheáchain.

Fear nimhbhriathrach de mhuintir na cille (Bricne ab ainm dó) a bhí ar an láthair an lá seo, dúirt sé le Maol Dúin:

'Ba mhó a b'fhiú duit a dhul a bhaint díoltais as an fhear a loisceadh anseo ná a bheith ag caitheamh clocha thar a chnámha loma loiscthe.'

'Cé sin?' arsa Maol Dúin.

'Ailill,' arsa Bricne, 'd'athair féin.'

'Cé a mharaigh é?'

'Foghlaithe mara anoir as ríocht Laoise a tháinig a dhéanamh creiche,' arsa Bricne. 'Agus ba ar an láthair seo féin a mharaigh siad é.'

Chaith Maol Dúin uaidh an chloch meáchain a bhí ina lámh aige, theann thart air féin a bhrat agus tharraing chuige a threalamh catha. Thit néall duaircis agus bróin anuas ina thimpeall.

D'iarr sé ansin eolas an bhealaigh fhad le ríocht Laoise agus chuir daoine eolacha in iúl dó nárbh fhéidir tabhairt faoina leithéid d'aistear ach amháin thar muir.

Go Corca Mrua a thug sé aghaidh ina dhiaidh sin. Ar lorg dea-chomhairle agus dea-thairngreacht a bhí sé ó dhraoi a bhí san áit (Nuca a ainm) a chuideodh leis san eachtra mara a bhí curtha anois roimhe féin aige. Thug an draoi treoracha agus comhairle dó gur ar a leithéid seo de lá a ba cheart tús a chur le déantús an tsoithigh agus gur ar a leithéid seo eile de lá a ba cheart aghaidh a thabhairt ar an fharraige. Agus, thar rud ar bith eile, tugadh treoir dó nach mbeadh sé sona nó ádhúil níos mó ná níos lú ná seachtar déag a ligean ar bord an tsoithigh mar fhoireann leis.

Curach thrí-gcraicne a chuir Maol Dúin á dhéanamh agus roghnaigh sé an seachtar déag a bhí le bheith mar chompánaigh thaistil aige (beirt darb ainm Gearmán agus Diúrán Leicceard ina measc).

D'ullmhaigh siad iad féin i gcomhair an aistir agus ar an lá a bhí molta ag an draoi, chuir siad an curach ar luathléim i bhfarraige. Ach má chuir féin, ní raibh siad ach beagán beag amach ón chaladh agus an seol díreach tógtha acu nuair ba seo ina rith anuas an port a thriúr comhaltaí - triúr mac a mháthar agus a athar altrama. Scairt siad air a theacht arais i dtír agus iad a ligean ar bord go mbeadh siad leis ar an eachtra mara a bhí roimhe.

'Imigí libh,' arsa Maol Dúin. 'Ní ceadmhach a dhul liom ach an líon atá muid anois ann.'

'Rachaidh muid i do dhiaidh mar sin. Leanfaidh muid san uisce thú agus báifear sinn muna ndéana tú tarrtháil orainn agus muid a thabhairt ar bord leat.'

Chaith an triúr iad féin sa tsáile agus chuaigh ag snámh i dtreo an bháid; níorbh fhada go raibh siad i bhfad ón tír agus i mbaol a mbáite. Nuair a chonaic Maol Dúin an méid sin, chúlaigh sé an curach ina dtreo agus thug ar bord iad. Scór a bhí siad ansin ann. Thug siad aghaidh ar an fharraige chraosach agus dea-chomhairle an draoi sáraithe acu.

# 1

Ag rámhaíocht leo a chaith siad an lá sin go tráthnóna agus mar an gcéanna dóibh an oíche ina dhiaidh sin go meán oíche. Tháinig siad sa deireadh ansin ar dhá oileán – iad beag maol agus dhá dhún iontu. Agus chuala siad ag teacht chucu thar na tonnta ó na dúnta seo gleo agus racán na meisce agus glórtha saighdiúirí ag sáraíocht ar a chéile agus ag déanamh gaisce as a gcuid gníomhartha fuilteacha cogaidh. Mar seo a labhair fear amháin lena chomrádaí:

'Coinnigh uaim amach,' ar seisean, 'mar is fearr de laoch mé féin ná tusa. Is mé a mharaigh Ailill Ochair Ága agus is mé a rinne teampall Dubhchluain a loisceadh anuas sa mhullach ar a chorp. Agus níor dearnadh olc ná dochar dom dá bharr sin ná níor bhain a mhuintir féin ariamh éiric na ngníomhartha sin asam. A leithéid sin ní dhearna tú ariamh agus ní dhéanfaidh.'

'Bua ó Dhia dúinn an méid seo,' arsa Diúrán Leicceard agus Gearmán ar chluinstin na cainte sin dóibh. 'Is é Dia a threoraigh ár soitheach fhad leis an áit seo. Téanam anois agus an dún seo agus a bhfuil ann a chreachadh, mar is é Dia a rinne ár naimhde a fhoilsiú dúinn.'

Níor luaithe an chaint sin as a mbéal ná d'éirigh gála gaoithe as an spéir orthu gur shéid roimhe iad an oíche sin ar fad go maidin; agus ar maidin féin ní raibh tír ná talamh le feiceáil acu agus gan ar a gcumas fiú a dhéanamh amach cén treo a raibh siad á scuabadh. Ba ansin a dúirt Maol Dúin:

'Ligigí leis na rámha anois agus fágaimis faoi Dhia an soitheach seo a thabhairt cibé treo is áil leis féin í a thabhairt.' Rinneadh amhlaidh. Fágadh ansin iad amuigh ar an fharraige chraosach gan chuimse. Ansin a labhair Maol Dúin lena chomhaltaí.

'Sibhse is cúis le muid a bheith san fhaopach a bhfuil muid anois ann – sibhse a theilg sibh féin orainn sa churach agus a d'fhág sa riocht muid go bhfuil dea-comhairle an draoi sáraithe againn. Ba é a dúirt sé linn gan níos mó a bheith mar fhoireann ar bord againn ach an líon a bhí muid ag an tús ann.'

Ní raibh de fhreagra acu air ach fanacht ina dtost.

## 2

Trí lá agus trí oíche a bhí siad ina dhiaidh sin agus gan tír ná talamh le feiceáil acu. Ar maidin an tríú lá chuala siad fuaim bheag bhinn ag teacht anoir aduaidh chucu trasna na dtonnta.

'Fuaim toinne ag titim ar thalamh trá an fhuaim sin,' arsa Gearmán. B'fhíor dó. Agus nuair a bhánaigh an lá geal orthu thug siad aghaidh ar an trá sin.

Díreach agus iad ag cur crainn ansin a shocrú cé acu fear a rachadh i dtír, chonaic siad ar an trá rompu mar bheadh plá seangán ann, gach seangán acu chomh mór le searrach, agus iad ag gluaiseacht ina dtreo thar an trá agus fríd an tsáile. Ba léir gurb é a b'ail leis na seangáin iad féin agus bárc s'acu a ithe. Níor fhan na mairnéalaigh leis an méid sin ach teitheadh leo thar farraige arís. Trí lá agus trí oíche a bhí siad ansin arís agus iad gan tír ná talamh a fheiceáil.

## 3

Maidin an tríu lae tháinig chucu arís ar an ghaoth fuaim bhinn – siosarnach tonnta ag titim agus ag ath-thitim ar ghaineamh trá. Le gile an lae ansin a chonaic siad uathu inis mhór ard; laftáin fhéarmhara i gciorcail thart ar fad uirthi, gach ceann acu níos ísle ná an ceann eile ón phointe is airde go dtí an pointe is ísle. Líne fada crann thart timpeall an oileáin ar fad agus éanacha ollmhóra go flúirseach ar ghéaga na gcrann sin.

Chuir foireann an bháid a gcomhairle i gcionn a chéile féachaint cé acu rachadh isteach a chuardach an oileáin agus fáil amach an raibh dochar nó dainséar sna héanacha móra sin ann.

'Mise a rachas ann,' arsa Maol Dúin. Chuaigh sé isteach agus shiúil sé talamh uilig an oileáin agus cha bhfuair sé ann neach ar bith a bheadh lena n-aimhleas. Líon siad an curach leis na héanacha agus ba mhaith an lón taistil acu iad.

## 4

Trí lá agus trí oíche a bhí siad ansin ar an fharraige mhór. Ar maidin an cheathrú lae nocht chucu oileán mór eile. Gaineamh uilig a bhí sa talamh ann agus nuair a tháinig siad i dtír chonaic siad beithíoch eagsamhalta rompu; cosúil le capall a bhí sé, ach go raibh cosa cú air a raibh ingne géara ina ndeireadh. Ba mhór an fháilte a bhí aige rompu agus é ag léimnigh is ag damhsa agus ag déanamh cuideachta le lúcháir rompu. Ag súil lena n-ithe a bhi sé agus an curach chomh maith leo.

'Ní doicheall ar bith atá air seo romhainn,' arsa Maol Dúin. 'Tá sé chomh maith againn teitheadh ón oileán seo.'

Rinneadh sin agus nuair a ba léir don chréatúr go raibh siad ag teitheadh uaidh, tháinig sé anuas an trá agus chuaigh ag tochailt sa ghaineamh lena ingne géara, é ag cuartú clocha a chaithfeadh sé orthu. Ba ar éigean a chreid na mairnéalaigh go n-éireodh leo éalú uaidh.

## 5

B'fhada a bhí siad ag rámhaíocht ina dhiaidh sin go bhfaca siad uathu oileán eile – ceann a raibh cuma mhachaire mhóir leathan air. Ar Ghearmán a thit sé an iarraidh seo a dhul isteach a chuardach an oileáin.

'Rachaidh muid beirt ann,' arsa Diúrán Leicceard, 'agus tiocfaidh tú in éinneacht liom féin an chéad uair eile a thiteann sé ar mo chrann féin a dhul isteach.'

Mar sin a bhí – chuaigh an dís isteach.

Ba mhór méid agus leithead an oileáin seo agus fuair siad rompu ann faiche mór fada féarmhar agus loirg ollmhóra chruite capall sa talamh ann – achan cheann acu chomh mór le seolbhrat loinge. Chonaic siad fosta scaipthe ar an talamh blaoscanna cnó a bhí chomh mór le dabhcha móra olacháin. Chonaic siad chomh

maith le sin cuid mhór conamar creiche an iliomad daoine. An méid a bhí le feiceáil acu ar an fhaiche, chuir sé imeagla agus alltacht orthu beirt agus ghlaoigh siad ar fhoireann an bháid le go dtuigfeadh siad sin an chontúirt ina raibh siad. D'imigh siad leo gan stad gan mórchónaí i dtreo an churaigh.

Nuair a bhí siad beagán amach ón trá chonaic siad slua mór fear ag gluaiseacht le himeall na mara i dtreo an fhaiche mhóir; nuair a bhain na fir amach an faiche, thosaigh eatarthu an rásaíocht chapall. Ba luainí agus ba ghaiste ná an ghaoth an t-eachra agus ba mhór an gleo agus an callán a rinne an slua á ngríosadh. Chuala Maol Dúin go soiléir lascadh na bhfuipeanna agus gártha fíochmara na marcach – 'Chugam an glas!' 'Ar aghaidh leis an donn!' 'Mo chroí mo chapall bán!' 'Is fearr léim mo chapaill-se!'

Ar chluinstin na ngártha sin dóibh, theith na mairnéalaigh rompu oiread agus bhí ina gcolainn mar ba dhearbh leo gur aonach deamhan a bhíothas i ndiaidh a nochtadh dóibh.

## 6

Seachtain iomlán a bhí siad ina dhiaidh sin ag rámhaíocht agus iad ag streachailt le heaspa bia agus le heaspa dí, go dtí go dtáinig siad ar inis mhór ard agus teach mór inti ar imeall na farraige. Bhí doras insa teach seo a d'oscail amach ar mhachaire mín a bhí i lár an oileáin agus ceann eile os a chomhair a d'oscail amach ar an fharraige mhór. Insa doras seo eile bhí comhla chloiche agus poll ina lár. Thiomáin tonnta na farraige móire amuigh sruth sáile tríd an pholl seo agus dhóirt amach ar urlár an tí istigh na bradáin a bhí ag snámh tríd an tsáile.

Chuartaigh siad an teach. Oiread agus neach amháin ní bhfuair siad ann ach tháinig siad ar leaba mhór ornáideach do thriath an tí dó féin, leaba do gach triúr dá rí-theaghlach, bia don triúr sin os comhair gach leaba amach, soitheach gloine ina raibh an chuid a b'fhearr den bhiotáilte le hais gach leaba agus cupa gloine ar bharr gach soitheach. D'ith siad agus d'ól siad a sáith den lón sin agus thug buíochas do Dhia uilechumhachtach a shábháil ón ghorta iad.

## 7

Nuair a d'fhág siad inis theach na mbradán, bhí siad tamall fada ag triall leo go gortach gan bia go dtáinig siad go dtí oileán a raibh faillteacha arda thart uilig air ar gach taobh agus coill fhada chaol ann. Fuair Maol Dúinn greim láimhe ar ghéag de chrann de chuid na coille sin agus an curach faoi lán-tseoil le hais na faille. Trí lá agus trí oíche a bhí an ghéag sin ina láimh aige agus an curach ag cúrsáil léi le taobh na faille. Ar an tríú lá ansin chas triopall thrí n-úll ina ghlac aige ag barr na slaite. Ceathracha oíche faoi thrí a mhair siad ansin ag baint cothú as na húllaí sin.

## 8

Oiléan eile a dtáinig siad fhad leis ina dhiaidh sin, bhí mórbhábhún cloiche thart ar fad air. Nuair a dhruid siad isteach leis, d'éirigh aníos chucu beithíoch éagsamhalta ollmhór a chuaigh ag rith timpeall an oileáin; ba ghaiste le Maol Dúin é ná luas na gaoithe. D'éirigh an neach den rás sin agus bhain amach an pointe is airde ar an oileán agus dhírigh sé a chorp; ach má dhírigh, ba bhun os cionn a bhí sé – an cloigeann síos agus na cosa in airde os a chionn. Ní amháin sin ach bhí iompó ina chorp sa dóigh is go raibh an fheoil agus na putóga agus na cnámha ag imeacht thart ach an chraiceann taobh amuigh ina stad; nó an chraiceann ag imeacht thart ar an taobh amuigh agus baill na beatha istigh ina stad.

Tamall fada a bhí an neach ar an dóigh sin, ach ansin chuaigh sé a rith arís thart ar an oileán mar a bhí sé a dhéanamh roimhe gur bhain sé amach arís an pointe a raibh sé roimhe sin ann ar bharr an oileáin. Ach an iarraidh seo ba é an taobh íoctarach dá chraiceann a bhí ina stad agus an taobh eile (an taobh uachtarach) a bhí ag imeacht thart mar bheadh bró mhuilinn ann.

Theith Maol Dúinn agus a fhoireann an méid a bhí ina gcraic-

eann roimh an arracht agus nuair a chonaic an t-ainmhí ag teitheadh iad tháinig sé sa tóir orthu síos i dtreo na trá. Chuaigh sé ansin á leadradh agus á mbatráil le clocha na trá; rinne ceann de na leaca seo sciath Mhaoile Dúin a pholladh agus neadaigh in adhmad chíle an churaigh.

## 9

Níorbh fhada ar a gcúrsa dóibh go bhfuair siad rompu oileán ard eile –oileán aoibhinn a raibh cuid mhór ainmhithe móra ann a bhí an-chosúil le capaill. Bhaineadh gach ceann acu seo píosa fuilteach as cliathán ceann eile agus bheireadh leis é ina bhéal idir chraiceann, fheoil agus fhuil – sa dóigh is go raibh sruth fola deirge ina slaodanna ó thaobh gach neach acu agus an talamh fúthu ar maos ar fad leis an fhuil sin.

## 10

Moill ar bith ní raibh ar na mairnéalaigh an t-oileán sin fosta a fhágáil ina ndiaidh – go gasta dásachtach scaollmhar. Ach fágadh gearánach tuirseach éadóchasach iad, gan a fhios acu cén áit sa domhan a rachadh siad nó cén áit a bhfaigheadh siad cabhair nó foscadh. Ach i ndiaidh dóibh tamall fada a chaitheamh fá ghorta agus tart, tháinig siad go dtí inis mhór eile.

Bhí cuid mhór crann san oileán seo agus iad trom le cnuas na coille – úllaí móra órga ina dtriopaill ar crochadh ó ghéaga na gcrann. Ar an talamh ag bun na gcrann sin bhí ainmhithe beaga dearga cosúil le muca. Ba nós leo seo tabhairt faoi na crainn go smiotadh siad lena gcosa deiridh iad go dtuitfeadh na húllaí díobh. D'íosfadh siad ansin iad. I mbun na hoibre seo a bhíodh siad ó éirí go luí na gréine achan lá. Ach ó luí na greíne go maidin, ní bhíodh siad le feiceáil ar chor ar bith ach iad cuachta istigh i bpluaiseanna faoin talamh.

Bhí cuid mhór éanacha mara fosta ann, iad ag snámh ar thonnta

na farraige thart ar an oileán. Ó bhí an mhaidin ann go dtí lár an tráthnóna, ba nós leo seo a dhul a shnámh níos faide agus níos faide amach ón oileán. Ach ó lár an tráthnóna ar aghaidh go coineascar, ba ghnách leo druidim isteach arais go mbaineadh siad amach an t-oileán i ndiaidh a dhul ó sholas dó. Ba ansin a lomraíodh siad na húllaí de ghéaga na gcrann go n-íosadh siad uilig iad.

'Téanam,' arsa Maol Dúin, 'agus gabhaimis isteach chun an oileáin mar a bhfuil na héanacha.'

Chuaigh fear den fhoireann isteach ar dtús leis an oileán a iniúchadh. Scairt sé sin ar fhear eile a bheith leis. Fuair siad gur talamh te a bhí faoina gcosa agus nár fhéad siad seasamh air ná fanacht ann de bharr an teasa sin, a bhí mar bheadh tinte Ifrinn ann. Na hainmhithe beaga ina bpluaiseanna faoin talamh ba chúis leis an teas sin.

Thug an bheirt leo beagán de na húllaí agus chuaigh arais ar bhord an tsoithigh. Ach ba leasc leis na mairnéalagih imeacht – ba dídean i ndiaidh cloíteachta dóibh an t-oileán seo i ndiaidh mórshaothair agus iad á gcaitheamh ó thoinn go toinn.

Ar an ábhar sin, lean Maol Dúin agus a chuid fear nós na n-éanacha mara agus chuaigh isteach chun an oileáin san oíche. Bhailigh siad an-chuid úllaí agus líon an curach leo mar lón taistil i gcoinne an ghorta agus an tart. Thug siad aghaidh ansin arís ar an fharraige mhór nuair ba mhithid leo tabhairt faoi arís.

## 11

Ar a bheith réidh dóibh leis na húllaí, agus nuair a ba mhó a ngorta agus a dtart, an bás ag bagairt orthu agus bréantas na mara ina mbéal agus ina ngaosán, chonaic siad uathu oileán eile agus dún ann. Bhí balla ard geal thart uilig ar an dún agus cosúlacht ar an bhalla sin gur d'aolchloch a bhí sé déanta agus cuma air gur cloch gheal chailce amháin a bhí ann. Ba mhór airde an mhúir sin agus é nach mór chomh hard le néalta na spéire.

Bhí geaftaí an dúin béaloscailte agus tithe taobh istigh ann a bhí chomh geal le sneachta, díreach mar bhí an balla. Chuaigh

foireann an bháid isteach ins an teach ba mhó acu seo. Cha raibh neach ar bith rompu ann ach caitín beag a bhí i lár an tí agus é ag súgradh leis féin ar cheithre ghallán cloiche a bhí i lár an urláir, agus é ag léimnigh ó ghallán go gallán acu. Thug sé sracfhéachaint ar na fir ach níor staon dá chluiche.

Crochta as fraitheacha an tí ó ursain go hursain bhí trí shraith ornáidí agus airm luachmhara. Bioráin bhrollaigh déanta de ór agus de airgead a bhí sa chéad sraith. Muincí móra a bhí sa darna sraith – gan de ábhar iontu ach airgead agus ór ach iad chomh mór le claibíní daibhche. Claimhtheacha móra a bhí sa tsraith a b'ísle – ór agus airgead in achan dorn. Bhí cillíní codlata fosta sa teach – leapacha clúimh iontu, braillíní geala agus fallaingeacha geala ar na leapacha sin.

Chonaic siad fosta ceathrú martáin agus ceathrú muicfheola rósta i lár an urláir agus coire mór béal-leathan taobh leo a bhí lán biotáilte láidir milis.

'An dúinne a fágadh an méid seo ar fad?' arsa Maol Dúin leis an chaitín; níor staon an cat dá chluiche. Tuigeadh do Mhaol Dúin ansin gur dóibh féin a fágadh an bia agus an deoch a chonaic siad rompu. D'ith siad agus d'ól siad a sáith agus chuaigh a chodladh. Ar mhuscailt dóibh as a suan, chuir siad a raibh fágtha den deoch agus a raibh fágtha den bhia slán sábháilte i stóras arís. Chuaigh siad a sheanchas ansin faoi ar cheart dóibh an t-oileán a fhágáil.

'An dtabharfaidh mé liom ceann de na muincí sin?' arsa duine de chomhaltaí Mhaoile Dúin.

'Ná tabhair, muis!' arsa Maol Dúin. 'Ní gan chosantóir an teach seo.'

Mar sin féin, thug an comhalta leis ceann de na muincí agus thug leis fhad le lár an leasa é. Lean an cat beag é, thug léim ina threo agus chuaigh fríd agus amach ar an taobh eile mar bheadh saighead lasracha ann. Cha raibh fágtha den fhear ach moll luaithrigh ar urlár an tí. Chuaigh an caitín beag de léim ar ais ar bharr an ghalláin agus lean den tsúgradh a bhí ar bun roimhe sin aige.

Labhair Maol Dúin ar dtús leis i mbriathra duine, chuir an muince ar ais san áit ina raibh sí roimhe sin; ghlan sé an luaithreach ansin ó lár an tí agus chaith ar imeall na mara amuigh é.

Chuaigh na mairnéalaigh ansin isteach arais ar bhord an tsoithigh agus thug míle altú agus buíochas do Dhia.

## 12

Go luath ar maidin ar an tríú lá ina dhiaidh sin tháinig siad ar oileán eile. Bhí claí mór cré-umha trína lár a rinne dhá leath de agus bhí dhá thréad caorach ann – tréad geal ar an taobh abhus den chlaí agus tréad dubh ar an taobh thall. Bhí fathach fir fosta ann mar aoire agus é ag coinneáil an dá thréad ó chéile. Ach am ar bith a gcaitheadh an fear seo caora bhán thar an chlaí fhad leis na caoirigh dubha, rinne caora dhubh di láithreach; agus dá gcaitheadh sé caora dhubh thar an chlaí dhéanfaí caora bhán di láithreach. Ba orthu a bhí an t-uamhan ar a fheiceáil sin dóibh.

'Is é is cóir dúinn a dhéanamh,' arsa Maol Dúin, 'ár gcuid slata a chaitheamh isteach chun an oileáin. Má thig claochló datha orthu sin, thig linn a bheith cinnte go dtiocfaidh an claochló céanna orainn féin ach muid a dhul isteach.'

Chaith siad slata a raibh coirt dhubh orthu isteach ar dtús ar thaobh na gcaorach bán; rinneadh slata geala láithreach de na slata sin. Nuair a chaith siad slata geala isteach ar an taobh a raibh na caoirigh dubha, slata dubha a rinneadh láithreach díobh.

'Ba chríonna an beart an promhadh sin a rinne muid,' arsa Maol Dúin. 'Murach é, níorbh fhearr ár ndath féin ná dath na slata sin.'

Chúlaigh siad ón oileán ansin sa churach; ach níor lách a n-imeacht, mar is iad a bhí cloíte, tuirseach, eaglach; gorta agus ocras orthu.

## 13

Trí lá ina dhiaidh sin tháinig oileán eile ar a n-amharc – é mór leathan agus tréad álainn muca ann. Mharaigh siad banbh as a measc agus cé gur thóg sé a raibh de neart agus fuinneamh iontu uilig é a dhéanamh, rinne siad é a róstadh agus thug leo é go dtí an curach.

Chonaic siad uathu ansin sliabh mór i lár an oileáin agus shocraigh siad ar a dhul isteach, agus an t-oileán a shiúl agus eolas a chur air. Socraíodh go rachadh Gearmán agus Diúrán Leicceard isteach. Chuaigh. Dhírigh an dís a n-aghaidh ar dtús ar an chnoc a bhí i lár an oileáin agus tháinig siad go dtí abhainn a bhí anleathan gan a bheith ró-dhomhain. Rinne Gearmán crann a shleá a thumadh in uisce na habhna sin agus d'imigh sé ina luaithreach faoi mar gur tine a loiscfeadh é. Thost an bheirt agus ní dheachaigh siad trasna an tsrutha sin.

Ba ansin a chonaic siad ina luí ar an taobh eile den abhainn tréad daimh mhóra agus iad maol. Bhí fear mór ina shuí lena dtaobh. Bhuail Gearmán a sciath le crann a shleá le scanradh a chur ar na daimh.

'Cad chuige duit na gamhna amaideacha seo a scanradh?' arsa an t-aoire mór.

'Ca háit a bhfuil máithreacha na ngamhna seo?' arsa Gearmán.

'Thall ar an taobh eile den chnoc uait,' arsa an t-aoire.

Chuaigh an dís arais go dtí foireann an bháid ansin agus thug cuntas ar a bhfaca siad agus ar a gcuala siad.

'Ní rachaidh muid níos faide,' arsa Maol Dúin 'in inis arb í seo a tuairisc.'

D'fhág siad an t-oileán seo ina ndiaidh ansin agus iad lag-mhisniúil tuirseach go maith.

## 14

Oileán eile a nocht chucu ina dhiaidh sin, bhí muileann ann a raibh fíor-dhrochbhail air agus muilleoir ina chúram. An muilleoir seo, spreasáinín beag dona a bhí ann – é ribeach rúscach gruaigeach gránna. Chuir mairnéalaigh Mhaoile Dúin ceist air:

'Cén muileann é seo?'

'Muileann Inbhear Trí Seanand é seo,' arsa an muilleoir, 'agus leath an arbhair a shaothraítear sa tír s'agaibh féin,' ar seisean, ' – an méid ar leo sin atá tugtha do ghortaíl agus do mhífhlaithiúlacht é – is ar an láthair seo agus is sa mhuileann seo a dhéantar é a

mheilt.'

Bhreathnaigh na mairnéalaigh ansin ar na hualaigh a rabhthas á n-iompar fhad leis an mhuileann agus uaidh sin amach – iad trom, gan chuntas, ó achan chearn den tír, ar dhroim daoine agus ar dhroim capall.

'Coisreacadh Dé orainn,' ar siad ar a fheiceáil sin dóibh agus ar scéal an mhuilleora ghránna a chluinstin dóibh. Ghearr siad comhartha na croise orthu féin agus – ní den chéad uair – theith siad leo arís roimh an uafás agus d'éalaigh arais fhad leis an churach.

## 15

I ndiaidh iad Inis an Mhuilinn Ghránna a fhágáil ina ndiaidh, níorbh fhada go dtáinig siad ar oileán eile. Ar an oileán seo bhí slua mór daoine – iad uilig ciardubh ina gcorp agus ina gcuid éadaí; banda gruaige fána gcloigeann a bhí chomh dubh céanna agus iad ag síor-chaí agus ag éagaoin gan stad.

Nuair a caitheadh crainn arís ar bhord an tsoithigh, ba ar an dara duine de chomhaltaí Mhaoile Dúin a thit sé a dhul isteach chun an oileáin go dtí na daoine nach n-éireodh as an éagaoin. Ach a luaithe a bhí sé i measc lucht na héagaoine, d'iompaigh a lí ann go raibh sé chomh dubh leo féin agus thosaigh sé ag caoineadh in éinneacht leo féin.

Ba ansin a labhair Maol Dúin:

'Téadh beirt agaibh agus bíodh bhur gcuid arm libh agus beirigí libh an fear sin ar ais ar bhord an tsoithigh seo ar ais nó ar éigean.'

Chuaigh an dís isteach chun an oileáin mar a hordaíodh dóibh. Ach fiú sul ar éirigh leo a dhul fhad leis an fhear mire, bhuail an anachain chéanna iad féin – iad chomh dubh agus chomh héagaointeach agus a bhí an fear a raibh siad sa tóir air.

Labhair Maol Dúin arís:

'Téadh ceathrar anois agaibh agus bíodh bhur gcuid claímhtheach libh agus beirigí libh amach an triúr dár gcomplacht atá anois i sáinn ar an oileán sin. Ná breathnaigí ar thalamh an oil-

eáin agus coinnigí bhur gcuid clócaí fá bhur mbeola agus fá bhur ngaosán ar eagla go rachadh aer an oileáin sin isteach in bhur gcliabhrach. Agus coinnigí súil ghéar ar ár muintir féin'

Rinne an ceathrar mar a hordaíodh dóibh agus d'éirigh leo an bheirt a chuaigh rompu a thabhairt amach arais. Níor éirigh leo, ámh, an chéad fhear – comhalta Mhaoile Dúin – a scaoileadh ó dhraíocht an oileáin. Nuair a d'fhiafraigh Maol Dúin den bheirt a tugadh amach caidé a bhain dóibh ar an oileán, ní raibh de fhreagra acu ach nach raibh fhios acu – 'A bhfaca mé thart orm,' arsa duine acu, 'a rinne mé, de réir dea-bhéasa an phobail a raibh mé ina measc.'

## 16

An chéad oileán eile a casadh ina dtreo ina dhiaidh sin, bhí ceithre chlaí teorann ann – claí óir, claí airgid, claí cré-umha agus clái gloine. D'fhág sin go raibh an t-oileán roinnte ina cheithre chríoch agus a chríoch féin ag gach aicme den phobal. Sa chéad roinn a bhí na ríthe; banríonacha a bhí sa dara roinn, óglaigh sa tríú roinn agus ansin sa cheathrú roinn na mná óga.

Tháinig bean óg acu seo ina n-araicis agus threoraigh léi iad. Thug sí bia dóibh agus cibé rud eile a bhí siad a iarraidh, bhí sé le fáil acu. Soitheach beag ina láimh aici agus deoch mhilis mheisciúil á dáileadh aici as orthu ar fad sa dóigh is nárbh fhada go dtáinig codladh na meisce orthu. Trí lá agus trí oíche a bhí siad ar an dóigh sin agus an bhean óg ag timireacht orthu ar feadh an achair.

Nuair a mhuscail siad ar an tríú lá, ámh, ba ina gcurach féin i lár na farraige móire a bhí siad agus ní raibh an t-oileán nó an ógbhean le feiceáil acu ina dhiaidh sin in ard nó i bhfána.

# 17

Tamall beag ina dhiaidh sin a chonaic siad inis eile amach rompu – dún daingean ann a raibh droichead gloine os comhair an gheafta a bhí air. Chuaigh siad i dtír agus fhad leis an dún. Chonaic siad ansin bean óg ag teacht amach as an dún fríd an gheafta agus buicéad ina láimh aici. Thóg sí clár gloine a bhí in íochtar an droichid, líon a soitheach ón tobar fíoruisce a bhí faoin chlár agus thiontaigh arís ar an gheafta.

'Cuirtear fáilte roimh Mhaol Dúin,' arsa Gearmán glórach.

'Roimh Mhaol Dúin, cinnte,' arsa an bhean le linn di an doras a dhruidim ina diaidh.

Bhain an méid sin croitheadh as na gathanna umha agus as na lanna umha a bhí crochta as an doras agus baineadh ceol astu – ceol bogbhinn síreachtach a d'fhág suan agus sámhchodladh ar na mairnéalaigh agus iad i ngreim ag aoibhneas an cheoil. Níor mhuscail siad as an tsuan sin go dtí maidin lá arna bhárach.

Nuair a mhuscail siad, chonaic siad an bhean óg chéanna ag teacht amach as an dún arís agus buicéad ina láim arís aici. Líon sí an buicéad ón tobar chéanna a bhí faoi chlár an droichid.

'Ach cuirtear fáilte roimh Mhaol Dúin!' arsa Gearmán arís.

'Mór an bhrí Maol Dúin!' ar sise le linn di an doras a dhruidim ina diaidh arís. Tháinig an ceol binn céanna óna doirse agus d'fhág sé mairnéalaigh Mhaoile Dúin sa toirchim suain chéanna arís.

Trí lá agus trí oíche a bhí siad ar an dóigh sin. Ar an cheathrú lá tháinig an bhean óg arís ón dún agus ghluais ina dtreo. Ba rí-álainn a dreach – brat geal thart uirthi agus fleasc óir fána folt; dath órga a bhí ina cuid gruaige, bróga éadroma airgid ar a dá cois, na cosa uirthi ar dhath an róis bháin, claspaí airgid ina brat a raibh fáinní óir iontu, agus léine mhín síoda fána gealchorp.

'Fáilte romhat, a Mhaol Dúin,' ar sise agus bheannaigh sí ina dhiaidh sin do achan fhear acu ina ainm agus ina shloinne féin.

'Is fada deireadh eolais ar an oileán seo fá bhur gcomplacht agus fá bhur gcúrsa,' ar sise.

Thug sí léithe ansin iad fhad le teach mór a bhí fá bhruach an chladaigh agus tarraingeadh an curach aníos ón tsáile. Taobh istigh den teach fuair siad os a gcomhair amach leaba aonair do Mhaol Dúin agus leapacha i gcomhair gach triúr de chomplacht an churaigh. Thug sí bia dóibh uilig as ciseán beag a bhí aici agus é lán bia a bhí cosúil le cáis nó le groth, ach go bhfuair gach fear de achan triúr acu a rogha féin de bhlas ar an bhia sin. Rinne sí friotháileamh ar Mhaol Dúin leis féin ar dtús. Líon sí ansin soitheach ón tobar a bhí faoin chlár sa droichead agus rinne sí biotáilte láidir milis a dháileadh orthu ón tsoitheach sin – ina dtriúr agus ina dtriúr. D'aithin sí mar sin nuair a ba leor acu a bhfuair siad. Stad sí ansin a dháileadh na dí.

'Bean í seo,' a dúirt a chomrádaithe, 'a bheadh fóirsteanach mar chéile ag Maol Dúin.'

D'fhág sí ansin iad agus d'imigh léi lena ciseán agus lena soitheach. Chuir a mhuintir ansin ceist ar Mhaol Dúin:

'Ar cheart dúinn a fhiafraí di an luífeadh sí leat?'

'Cén dochar daoibh bhur rogha ceist a chur uirthi,' a d'fhreagar Maol Dúin.

Tháinig sí arais ag an am chéanna an mhaidin ina dhiaidh sin ag timireacht orthu mar a rinne sí an lá roimhe sin. Labhair siad léi:

'An ndéanfá caidreamh le Maol Dúin agus an luífeá leis? Na nach bhfanfá abhus anseo leis anocht?'

Dúirt sí nár aithin sí peaca agus nárbh eol di caidé rud peaca ann.

D'fhág sí ansin iad agus chuaigh chuig a teach féin. Tháinig sí arais an mhaidin dár gcionn le timireacht a dhéanamh arís orthu mar a bhí déanta roimhe sin aici. Nuair a bhí a sáith ólta acu agus iad ar meisce, labhair siad arís léi mar a labhair an oíche roimhe.

'Amárach,' ar sise, 'a gheobhas sibh freagra ceart ar bhur gcuid ceisteanna fá na nithe seo.'

Chuaigh si go dtí n-a háit féin agus chuaigh mairnéalaigh Mhaoile Dúin a chodladh ina gcuid leapacha féin. Nuair a mhuscail siad ar maidin, ba ina long féin arís a bhí siad – ar an fharraige mhór ar chúl carraige – agus ní raibh an t-oileán ná an dún ná an bhean óg le feiceáil acu thíos ná thuas.

## 18

Ar fhágáil na háite sin dóibh, chuala siad gártha agus glaonna ag teacht anoir aduaidh chucu thar farraige – amhail is dá mbeifí ag cantaireacht salm. I rith na hoíche sin go dtí lár an tráthnóna an lá dár gcionn, bhí siad ag ramhaíocht leo go bhfaigheadh siad amach cén gháir nó cén salm a bhí le cluinstin acu. Chonaic siad uathu sa deireadh thiar oileán ard sléibhtiúil agus na scaotha éanacha ann – éanacha dubha, éanacha donna agus éanacha riabhacha, iad uilig ag scairteadh agus ag glaoch.

## 19

D'fhág siad an inis sin ina ndiaidh agus níorbh fhada ansin gur nocht chucu oileán eile, oileán nár mhór ach a raibh cuid mhór crann ann agus an t-iliomad éanacha sna crainn sin.

Chonaic siad ansin aon fhear amháin – an t-aon fhear a bhí ar an oileán – agus gan de folach a náire air ach an folt fada gruaige a bhí air féin. Chuir siad ceist air cérbh é é féin.

'Éireannach mé,' ar seisean. 'D'imigh mé ar oilithreacht i gcurach beag fada ó shin ach briseadh fúm í agus gan mé i bhfad amach ón chósta. Chuaigh mé arais go tír mór agus chuir fód créafóige faoi mo chosa agus ba air sin a chuir mé chun farraige arís. Rinne an Tiarna Dia an fód sin a bhuanú fúm san áit seo,' ar seisean, 'agus chuir Sé troigh cearnógach leis gach bliain fosta agus chuir crann ag fás ann gach bliain. Na héanacha sin a tchí sibh sna crainn,' ar seisean, 'anamacha mo chlann agus mo mhuintire iad sin, idir fhir agus mhná, shean agus óg, iad uilig ag fuireacht le Lá an Bhreithiúnais a theacht. Bheir Dia leathbhuilín aráin dom agus greimín éisc agus deoch uisce tobair – bheir na haingil chugam an méid sin achan lá,' ar seisean.

I lár an tráthnóna ansin tugadh leathbhuilín aráin, smailc éisc agus deoch fíoruisce chuig gach fear agus gach bean ar an oileán bheag.

Nuair a bhí trí lá caite ag complacht Mhaoile Dúin mar aíonna ag an oilithreach, d'fhág siad slán agus beannacht aige. Ar seisean

leo agus iad ag imeacht:

'Sroichfidh sibh uilig bhur dtír ach aon fhear amháin agaibh.'

## 20

Ar an tríú lá ina dhiaidh sin a tháinig siad ar oileán eile – balla órga thart ar fad air agus é geal ar fad ina lár, mar bheadh clúmh bán ann. Bhí fear ann, seanóir nach raibh de éadach air ach folt a choirp féin. D'fhiafraigh Maol Dúin de cá has a bhfaigheadh sé cothú a choirp agus riachtanais an bheatha.

'Tá tobar,' ar seisean, 'ar an inis seo agus is uaidh sin a thig achan sórt chugam. Dé hAoine agus Dé Céadaoin, meadhguisce a bheir sé uaidh. Dé Domhnaigh agus ar fhéilte na mairtíreach, báinne blasta a shileann as. Ach ar fhéilte na n-aspal, ar Lá Fhéile Mhuire agus ar Fhéile Eoin Baiste, beoir agus fíon a bheir sé uaidh.'

Tráthnóna an lae sin tháinig chucu ón Tiarna leathbhuilín aráin agus greimín beag éisc an duine. D'ól siad uilig a sáith den bhiotáilte mhilis a tháinig chucu ó thobar an oileáin agus d'fhág an méid sin suan meisce orthu ón uair sin go dtí an tráthnóna dár gcionn.

Nuair a bhí trí lá aíochta caite mar seo acu ar an oileán, d'fhógair an cléireach cráifeach orthu go raibh sé in am acu imeacht; d'fhág siad slán agus beannacht aige agus thug aghaidh arís ar an fharraige mhór.

## 21

Nuair a b'fhada a bhí siad ag iomradh thar farraige ina dhiaidh sin, chonaic siad inis eile i bhfad uathu. Nuair a tháinig siad níos gaire di, tháinig chucu trasna na dtonn fuaim mar bheadh gaibhne ag casúireacht agus iad ag bualadh buillí oird ar inneoin – beirt nó triúr i mbun oibre ag an am chéanna. Nuair a bhí siad achar gearr ón oileán, chuala siad fear amháin de na gaibhne ag cur ceist ar fhear eile acu:

'An bhfuil siad i ngaire dúinn?'

'Tá,' a d'fhreagair an fear eile.

'Cé hiad seo,' arsa an chéad fhear, 'a deir tú atá ag teacht inár dtreo?'

'Cuma orthu gur gasraí beaga iad i soitheach beag anall chugainn.'

Nuair a chuala Maol Dúin an méid sin agus an comhrá a bhí idir na gaibhne, ar seisean:

'Gabhaimis ar gcúl ach gan an curach féin a iompú thart; bíodh a deireadh chun tosaigh, sa dóigh is nach léir dóibh gur ag teitheadh atá muid.'

Shuigh siad ar na rámhaí ansin, deireadh an bháid amach rompu agus an gob ar a gcúl. Chuir an chéad fhear a bhí sa cheárta ceist arís ar an darna fear:

'An bhfuil siad cóngarach don phort anois?'

'Ina stad atá siad,' arsa an darna fear. 'gan iad ag gluaiseacht chugainn ná ag imeacht uainn.'

Níorbh fhada ina dhiaidh sin gur fhiafraigh an chéad fhear arís:

'Caidé tá siad a dhéanamh anois?'

'Is dóigh liom,' arsa an fear feithimh 'gur ag teitheadh atá siad. Tchíthear dom gur faide ón chaladh atá siad anois ná mar bhí tamall ó shin.'

Rith an gabha amach as an cheárta ansin agus meall ollmhór iarainn sa teanchair a bhí ina láimh aige agus chaith le hiomlán a nirt i dtreo an churaigh é. Ach níor mhaith an t-urchar aige é. Thit an chaor thine san uisce taobh thiar den churach agus chuir an fharraige uilig ar a cúl ar fiuchadh agus ag dó. Ach dochar níor dearnadh don tsoitheach ná do chomplacht Mhaoile Dúin – ag rámhaíocht leo a bhí siad sin anois le neart a lámha go calma dásachtach go raibh siad go domhain i bhfarraige arais.

## 22

Thriall siad leo ansin gur casadh i bhfarraige iad a bhí cosúil le criostal glas. Bhí uisce na farraige seo chomh gléghlan geal gur

rí-léir dóibh thíos fúthu grean agus gaineamh an ghrinnill. Péist nó beithíoch mara ní raibh le feiceáil idir carraigeacha an íochtair – gan ann ach an grinneall geal agus an gaineamh glas. Chaith na mairnéalaigh tamall fada den lá ag iomramh thar an fharraige sin agus ba mhór an áilleacht í.

## 23

Tháinig siad ina dhiaidh sin ar mhuir eile ar cosúla a craiceann le néal éadrom ceomhar ná le huisce, rud a d'fhág eagla ar na mairnéalaigh nach n-iompródh sí a meáchan féin ná meáchan an tsoithigh.

Thíos fúthu ansin ar ghrinneall na mara chonaic siad dúnta a bhí daingean ornáideach agus limistéar leathan tíre thart orthu a bhí álainn dea-ordaithe.

Chonaic siad fosta, ámh, ollphéist arrachtach scáfar a bhí san ainmhéid agus í ag sculcaireacht i ngéaga crainn aird a bhí san áit. Ag bun an chrainn sin agus thart air, bhí tréada agus ealtaí agus fear armtha i bhfeighil orthu – sciath, sleá agus claíomh aige. Ach a luaithe agus a chonaic an fear seo an ollphéist a bhí i mbarr an chrainn, d'imigh sé leis ar a theitheadh. Shín an ollphéist amach a bráid fhada go mall leisciúil, fuair greim ar dhroim an daimh ba mhó a bhí sa tréad, gur tharraing léi aníos go barr an chrainn chuici féin é agus rinne é a alpadh i bhfaiteadh na súl. Ar a fheiceáil sin dóibh, d'imigh an t-aoire agus na tréada leo gan aon rómhoill.

Nuair a chonaic Maol Dúin agus a chuid fear an méid sin, ghabh sceoin agus imeagla mhór iad féin mar shíl siad de thairbhe ceomhaireacht na mara sin nach dtrasnódh siad choíche an sunda gan iad titim síos go grinneall i measc na mbeithíoch allta a bhí ann.

## 24

Tháinig siad ar oileán eile ina dhiaidh sin a raibh múrtha arda farraige ag éirí anios thart air, iad mar bheadh faillteacha ann ar gach aon taobh de.

Nuair a chonaic muintir an oileáin sin chucu iad, thosaigh siad a scairteadh agus a screadach agus ag rá:

'Seo iad! Seo chugainn iad!' gur baineadh an anáil díobh.

Ag an am chéanna, bhí scaiftí móra daoine agus tréada móra de bhuaibh agus de chaiple agus ealtaí móra caorach le feiceáil. Bhí banlaoch mór neartmhar fosta ann a bhí dhá n-ionsaí le cnónna ollmhóra a chaitheadh sí aníos sa mhullach orthu. Chruinnigh na mairnéalaigh cuid mhór de na cnónna seo agus thug leo iad. Chúlaigh siad ón oileán agus tháinig deireadh ansin leis an challán agus leis an screadach uilig.

'Cá háit a bhfuil siad anois?' arsa fear a tháinig ina ndiaidh nuair a chuala sé an callán uilig.

'D'imigh siad leo,' arsa drong amháin acu.

'Níor imigh SIAD,' arsa drong eile.

Is cosúil go raibh sé i dtairngreacht ag na daoine seo go dtiocfadh dream daoine thar farraige aniar le léirscrios a dhéanamh orthu agus lena ndíbirt as a gcuid tailte.

## 25

Thriall na mairnéalaigh ansin ar oileán eile, áit ar nochtadh mór-iontas dóibh.

Sruth láidir sáile a d'éirigh aníos san aer as an trá ar thaobh amháin den oileán gur shín ina stua mar bheadh tuar ceatha ann thar leithead uile an oileáin gur thuirling anuas arais ar an trá ar an taobh eile den oileán. Bhí ar chumas na mairnéalach siúl faoin áirse uisce seo gan deor uisce titim orthu féin; b'fhéidir leo fosta poill a dhéanamh inti lena gcuid sleánna go dtabharadh siad

anuas ar thalamh an oileáin na bradáin mhóra a bhí iomadúil sa tsáile ó easparta go hainteirt. Bhí an inis ar fad lofa le bréantas agus le drochbholadh na mbradán, ó tharla nárbh ann do na daoine a dhéanfadh iad uilig a chruinniú.

Ó dhul ó sholas dó oíche Dhomhnaigh go dtí luath maidin Dé Luain ní ghluaiseadh an tsáile thar an oileán ar chor ar bith ach í ina stad mar bheadh múr uisce ann.

Bhí mairnéalaigh Mhaoile Dúin ábalta cuid mhór de na bradáin a bhailiú agus a thabhairt leo mar lón loinge don aistear a bhí rompu.

Thug siad cúl ansin leis an inis seo eile agus dhírigh arís ar an tóraíocht.

## 26

D'imigh siad leo ag rámhaíocht thar muir arís gur nocht rompu i lár na farraige móire colún ard cearnógach airgid. Ceithre thaobh a bhí leis, agus faid dhá bhuile rámha le gach taobh acu, ocht mbuile rámha san iomlán. Oiread agus fód amháin de thalamh ní raibh thart ar an cholún ach é go lom leis féin go domhain i bhfarraige. Ní raibh a bhun thíos fúthu le feiceáil acu ná a mhullach os a gcionn ach oiread, lena airde a bhí sé.

Bhí líon de shnáithe airgid crochta as a mhullach agus é spréite i bhfad amach thar an fharraige; bhí mogaill an lín sin chomh leathan sin go ndeachaigh curach Mhaoile Dúin, agus é faoi lántseoil, trí mhogall amháin acu. Rinne Diúrán iarracht le lann a shleá píosa de shnáithe an mhogaill a ghearradh amach as.

'Ná bain den líon,' arsa Maol Dúin, 'mar is saothar mórcheardaí ró-chumhachtach gach a bhfuil le feiceáil anseo againn.'

'In onóir ainm Dé,' a dúirt Diúrán, 'a ghním an méid seo, le go gcreidfí na scéalta a bheas linn 'na bhaile. Mar thoirbhirt a bhéarfaidh mé snáithe an lín seo go haltóir Ard Mhacha ach a mbainfidh muid Éire amach.' Dhá unsa go leith is ea a bhí sa tsnáithe airgid nuair a rinneadh é a thomhas in ardeaglais Ard Mhacha.

Chuala siad tréan-ghuth sollúnta soiléir ó bharr an cholúin in airde. Cha raibh fhios acu cé a labhair nó cén teanga a labhradh.

## 27

An chéad inis eile a casadh ina dtreo, bonn iarainn a bhí fúithi – an bonn sin mar thaca agus mar dhúshraith leis an inis ar fad os a chionn. D'iomair siad thart air ag cuartú bealach iontrála ann, ach ní raibh a leithéid ann agus níor éirigh leo. Ach chonaic siad thíos in íochtar an bhoinn iarainn doras iata a raibh glas air agus rinne siad amach gur tríd an doras sin a théití isteach. Chonaic siad céachta thuas ar bharr an oileáin ach neach beo ní fhaca siad ann – níor labhair siad le aon duine ná níor labhair aon duine leo. Thug siad a gcúl don inis sin.

## 28

Tháinig siad ina dhiaidh sin ar inis mhór eile, inis a raibh machaire mór leathan ina lár agus cnoc mór maol fosta ann – gan fraoch ar bith air, ach an mullach ina chlár féarmhar, mín, réidh. Bhi dún ard san inis, daingean fá bhruach an chladaigh, agus teach mór ríúil, ornáideach ina raibh leapacha seascara teolaí. Bhí seachtar 'níonach déag sa teach sin agus iad i mbun folcadh a dhéanamh réidh.

Chuaigh siad i dtír agus shocraigh iad féin ar chnocán a bhí in aghaidh gheafta an dúin amach. Labhair Maol Dúin:

'Is dearbh linn gur dúinn féin atá an folcadh úd dhá réiteach.'

I lár an tráthnóna sin chonaic siad chucu marcach ar each sleamhain buacach – diallait bhreá ornáideach faoi, cochall gorm gréasta fán chloigeann, brat corcra ciumhsach thart air, lámhainní a raibh bróidnéireacht órga orthu fána lámha, cuaráin mhaisithe ar an dá chois.

Nuair a thuirling an marcach den each, tháinig bean dena iníonacha chun tosaigh agus ghabh cúram an chapaill uirthi féin. Chuaigh an marcach isteach insa dún agus isteach insan fholcadán. Ba ansin a thuig na mairnéalaigh gur bean a bhí sa mharcach

a thuirling den each taobh amuigh den dún.

Níorbh fhada ina dhiaidh sin a tháinig bean dena iníonacha ionsorthu agus labhair:

'Tá fíor-chaoin fáilte romhaibh. Gabhaigí isteach chuig an dún – tá cuireadh isteach agaibh ón bhanríon.'

Chuaigh siad isteach insa dún agus rinne siad uilig iad féin a fholcadh.

Shuigh an bhanríon ansin ar thaobh amháin den teach agus an seachtar 'níonach déag thart uirthi. Shuigh Maol Dúin ar an taobh eile den teach – ar aghaidh na banríona amach agus a seachtar fear déag cruinn thart air. Tugadh mias chuig Maol Dúin agus é lán den bhia is fearr agus soitheach criostail lán den bhiotáilte is fearr agus tugadh mias bia agus soitheach biotáilte do gach triúr dá chomplacht.

Nuair a bhí a sáith ite agus a sáith ólta acu uilig go léir, labhair an bhanríon:

'Agus cá rachaidh ár gcuid aíonna a luí?'

'Mar is dóigh leat féin is cóir,' arsa Maol Dúin.

'Is mithid bhur dteacht chun an oileáin,' ar sise. 'Téadh gach fear agaibh lena bhean féin – an bhean sin atá os a chomhair amach – agus téadh an bheirt agaibh isteach sa chillín suain atá ar a cúl sin – bhí seacht gcillín déag suain sa teach agus leapacha cluthara cóirithe iontu uilig. Chuaigh an seachtar fear déag agus an seachtar ban óg déag a luí lena chéile agus chuaigh Maol Dúin a luí leis an bhanríon. Rinne siad a gcodladh ansin go dtí an mhaidin dár gcionn agus d'éirigh siad le bánú an lae.

'Ba cheart daoibh fanacht ar an inis seo,' arsa an bhanríon. 'Má fhanann, ní luífidh an aois ar chor ar bith oraibh, ach sibh i gcónaí ag an aois a bhfuil sibh anois agus beatha síoraí i ndán daoibh. Na suailcí a friotháileadh aréir oraibh, beidh siad le fáil i gcónaí agaibh achan oíche gan saothar ar bith uaibh féin. Ná bíodh sibh amuigh faoi shíon na farraige móire ag fánaíocht libh ó oileán go hoileán.'

'Inis dúinn,' arsa Maol Dúin, 'caidé a chas insa dúthaigh seo sibh féin?'

'Is furas do cheist a fhreagairt. Bhí fear maith ar an inis seo agus ba é a bhí mar rí uirthi. Saolaíodh seachtar iníonacha déag dó agus is mise a thug chun an tsaoil iad mar ba mé a bhanríon

agus is mé a máthair sin. Ach cailleadh é agus é gan oidhre mic ina dhiaidh. Thug mé féin cúraimí ríghe na hinise orm féin ansin agus is mé atá ag rialú ina áit agus ina dhiaidh ariamh ó shin. Níl lá,' ar sise, 'nach dtéim fhad leis an mhachaire mhór atá i lár na hinise le breithiúnais a thabhairt, le haighnis a réiteach agus le pobail an oileáin a shuaimhniú.'

'Ach cad chuige a n-imíonn tú uainn inniu?' arsa Maol Dúin.

'A raibh ar fáil aréir dúinn,' ar sise, 'ní bheidh fáil anocht air, muna dtabhairim orm féin na freagarthachtai seo gach lá. Ach fan. Fanaigí sibhse in bhur dteach agus ní bheidh fiacha ariamh arís oraibh saothar a thabhairt oraibh féin. Rachaidh mé féin a dhéanamh breithiúnas ar bhur son gach lá.'

D'fhan siad. Trí mhí de gheimhreadh na bliana sin a chaith siad ar an oileán i bhfochair na banríona agus a cuid 'níonach. Ach b'ionann leo na trí mhí sin agus trí bliana.

'Is fada anseo muid,' arsa fear de na mairnéalaigh le Maol Dúin sa deireadh. 'Cad chuige nach ar ár dtír féin atá ár dtriall anois?'

'Nach beag do chiall!' a d'fhreagair Maol Dúin. 'Ní bhfaighidh muid choíche saol sa bhaile is fearr ná an saol atá anseo againn.'

Ach bhí a mhuintir féin anois go mór in amhras ar Mhaol Dúin agus leathnaigh an chogarnaíl agus an chaint mhioscaiseach tríd an chomplacht de réir a chéile.

'Is mór le Maol Dúin an cumann atá aige leis an bhean sin aige,' ar siad. 'Cead aige fanacht anseo ina teannta más é sin is toil leis. Ach rachaidh muidinne go dtí n-ár dtír féin.'

'Ní ceadmhach scarúint na complachta,' arsa Maol Dúin, nuair a tháinig na gearáin seo fhad leis féin. 'Ní fhanfainn anseo i bhur ndiaidh.' Shocraigh siad ar imeacht ón inis agus imeacht faoi rún.

Lá amháin ansin chuaigh an bhanríon i mbun a cuid dualgaisí ar maidin mar ba bhéas ariamh léi. I ndiaidh imeacht di, chuaigh mairnéalaigh Mhaoile Dúin chun an chuain, chuir chun farraige sa churach agus thug aghaidh arís ar doimhin na farraige móire.

Níorbh fhada gur cuireadh an bhanríon ar an eolas faoina n-éalú. B'sheo ag marcaíocht í ar a heach sleamhain gasta i dtreo an chladaigh, ceirtlín snátha ina láimh léi. A luaithe a bhí sí fá bhruach an chladaigh chaith sí an ceirtlín i dtreo an churaigh. Cheap Maol Dúin an ceirtlín ina láimh agus ghreamaigh sé láithreach di. Bhí téad den tsnáith ina láimh féin ag an bhanríon; tharr-

aing sí ar an téad sin agus tharraing an curach agus a raibh ann arais go tír mór.

Naoi mí eile ansin a d'fhan siad i dteannta na banríona ar an oileán. Chuir na mairnéalaigh a gcomhairle i gcionn a chéile ansin.

'Is léir anois gur mór an grá atá ag Maol Dúin ar an bhanríon agus gur mór leis an cumann atá eatarthu. Ar an ábhar sin a bheir sé greim ar an cheirtlín snátha gach aon uair a ghní muid iarracht éalú.'

'Beireadh duine eile air mar sin,' arsa Maol Dúin, 'agus má ghreamaíonn sé dá láimh sin, baintear de an lámh.'

Thriail siad arís ansin é. Nuair a chaith an bhanríon an ceirtlín snátha ina dtreo lena gceapadh arís, fear eile a fuair greim air agus ba dá lámh sin a ghreamaigh an ceirtlín an iarraidh seo. Ghearr Diurán an lámh den fhear sin le buile dá chlaíomh agus thit sí, leis an cheirtlín, isteach insan uisce.

Nuair a chonaic banríon na hinise an méid sin, ghabh racht caointe agus éadóchais í gur líonadh an t-oileán ar fad leis agus go dtí nach raibh sa tsaol ar fad, shílfeá, ach screadach léanmhar amháin uaignis agus mairgní.

Mar sin a d'éalaigh na mairnéalaigh ón inis sin.

## 29

Achar mór fada a bhí siad ar an doimhin ina dhiaidh sin agus iad á gcaitheamh ar na tonnta. Tháinig siad ansin ar oileán eile, oileán a raibh crainn mhóra flúirseach ann – iad cosúil le crainn saileoige nó le crainn choill. Torthaí ollmhóra orthu agus cnónna agus caora a bhí san ainmhéid. Lom siad crann beag úill a bhí ann agus rinne siad crainn a chaitheamh fá ché bhlaisfeadh an toradh a bhí air. Ar Maol Dúin a thit sé a dhul sa tseans. D'fháisc sé cuid de na húllaí idir a lámha agus dhóirt an sú astu isteach i soitheach. Shlog sé siar a raibh sa tsoitheach agus thit suan iomlán lae láithreach air. Níorbh fhéidir a dhéanamh amach an beo nó marbh a bhí sé agus bhí cúr dearg fána beola go dtí gur mhuscail sé an lá arna mhárach.

'Is maith agus is ró-mhaith na húllaí seo,' ar seisean leo. 'Cruinnigí agus tabhairigí libh iad.'

Chruinnigh siad na húllaí ansin agus rinne siad uisce a mheascadh tríd an tsú a thug siad uathu, le cumhacht meisce agus suain na dí a mhaolú. Líon siad an-chuid soitheach den deoch seo agus d'imigh siad leo i dtreo na farraige móire arís.

## 30

Ina dhiaidh sin tháinig siad i dtír ar mhórinis eile. Coillteach crannmhar a bhí sí – leath amháin di faoi choill ina raibh crainn iubhair agus crainn mhóra darach ag fás go tiubh. Machaire mín a bhí sa leath eile den inis agus loch beag ina lár, áit a raibh tréada móra caorach.

Bhí eaglais bheag fosta ann agus dún taobh léi. Thug na mairnéalaigh aghaidh ar an eaglais bheag agus bhí rompu ansin seanóir liath de chléireach nach raibh de fheisteas air ach a chuid gruaige fada féin. Labhair Maol Dúin leis:

'Cé thú féin nó cá has a dtáinig tú?'

'Cúigear déag a bhí muid ar dtús ann,' arsa an seanóir. 'Buíon manach sinn de chuid ord bheannaithe Naomh Bhreandáin Biorra. Chuaigh muid uilig ar oilithreacht thar farraige agus ba ar an oileán seo a landáil muid; ní mhaireann beo den chúigear déag sin anois ach mé féin.'

Thaispeán sé ansin dóibh tabhall – taise den naomh a thug siad leo ar an oilithreacht. Chaith na mairnéalaigh iad féin ar an talamh roimh an tabhall le hómós don naomh agus phóg Maol Dúin é.

'Ithigí anois bhur sáith den chaoirfheoil. Bainigí bhur ndóthain as ach gan a dhul thar bhur gcuid.'

Bhí siad séasúr ansin agus iad ag mairstean ar an chaoirfheoil, a bhí flúirseach blasta.

Lá dena laethanta sin agus iad ag breathnú amach uathu ar an oileán, chonaic siad mar bheadh néal ann ag tarraingt orthu tríd an spéir as an aird aniar aneas. I ndiaidh tamaill fhada, ámh, agus iad fós ag breathnú ar an rud, rinne siad amach gur éan ollmhór

a bhí ann, mar ba léir dóibh ann greadadh na n-eiteog. Tháinig an t-éan fhad leis an oileán agus thuirling go talamh ar thulach a a bhí i bhfoisceacht an locha bhig. Eagla a bhí ansin ar na fir go dtabharfadh sé leis chun farraige iad ina chrobh. Ach ní mar sin a bhí le tarlú.

Thug an t-éan leis géag chrainn, í chomh mór le ceann de chrainn mhóra dárach na coille. Bhí tuigí fada ar bharr na géige, duilliúir breá úr agus tiubh, agus torthaí breátha fosta uirthi – caora cumhra dearga a bhí cosúil le finiúna ach iad níos mó. Chuaigh na mairnéalaigh i bhfolach féachaint caidé a dhéanfadh sé ansin. Bhí sé seal ag déanamh a scíthe agus chuaigh sé ansin a dh'ithe torthaí an chrainn. Chuaigh Maol Dúin amach ansin go raibh sé ar imeall an chnocáin bhig agus é le feiceáil go soiléir ag an éan ollmhór. Ag iarraidh a fháil amach a bhí sé an raibh olc ar bith ag an éan dóibh. Ach suim dá laghad ní raibh ag an éan ann ná olc ar bith aige dó. Lean an mhuintir eile ansin é go raibh siad uilig ag faire an éin agus é i mbun a ghnó.

'Téadh duine againn,' arsa Maol Dúin, 'agus bailíodh sé cuid de thorthaí an chrainn atá os comhair an éin.'

Chuaigh fear amháin acu ansin chun tosaigh agus thug leis cuid dena caora agus dena finiúna a bhí ar an talamh os comhair an éin amach. Ní dhearna an t-éan é a aifirt ná spéis dá laghad a léiriú ann ná fiú níor bhreathnaigh sé air. Chúlaigh an t-ochtar fear déag ón láthair ansin, sciath ar a chúl ag gach aon fhear acu ach níor bhodhraigh an t-éan mór iad ná níor chuir sé bac ar bith leo.

Tráthnóna an lae chéanna ansin, chonaic siad dhá iolar mhóra ag tarraingt ar an oileán ón aird aniar aneas, an aird chéanna as a dtáinig an t-éan mór ní ba luaithe. Tháinig siad d'aon sítheadh amháin agus thuirling go talamh os comhair an éin mhóir amach. Bhí siad suaimhneach socair tamall fada agus ansin thosaigh siad a chuartú agus a lomadh na míola a raibh cloigeann an éin mhóir lofa beo leo. Choinnigh siad ar an obair sin go dtí mall sa tráthnóna. Chuaigh siad triúr ansin a dh'ithe torthaí agus caora na géige.

Ó mhaidin an lae ina dhiaidh sin fhad le meán lae lean siad den obair chéanna – iad ag lomadh agus ag glanadh na gcruimheanna agus na míola agus na péisteanna uilig a bhí fá chorp an

éin mhóir, ag baint amach na sean-chleití agus ag glanadh amach coirt uilig an chlaimh.

Ag uair an mheán lae ansin, thosaigh siad a bhaint na gcaora den ghéag mhór – dhá mbrú agus a mbriseadh lena ngoba agus ag caitheamh na mblúirí isteach ins an loch bheag go dtáinig cúr dearg faoina chuid uisce uilig. Rinne an t-éan mór ansin é féin a fholcadh in uisce an locha agus d'fhan ann go raibh deireadh an lae ann, dhá ní féin agus dhá ghlanadh féin. Ina dhiaidh sin d'éirigh sé den loch agus shocraigh é féin go cúramach in áit eile ar an tulach chéanna – sa dóigh is nach rachadh na míola agus an salachar uilig eile a bhí glanta níos luaithe de isteach ina chorp an athuair.

An mhaidin dár gcionn chuaigh an dá iolar i mbun oibre arís – iad ag piocadh agus ag slíocadh cluimhreach an éin mhóir lena ngoba, amhail is dá mba á chíoradh a bheadh siad. Choinnigh siad ar an obair sin go dtí an meán lae, rinne sos beag ansin, agus ina dhiaidh sin chuaigh a dh'eitilt ar ais i dtreo na háite as a dtáinig siad ar dtús.

D'fhan an t-éan mór ina ndiaidh go dtí an triú lá, dhá chlúimhreadh féin is dhá phiocadh féin agus ag croitheadh a chuid eiteoga. Ar uair na teirte ar an tríú lá, ámh, thug sé dona heiteoga é agus d'éirigh de aon ruathar mór amháin in airde sna spéartha, d'eitil trí huaire thart ar an inis ar fad agus d'ísligh ar feadh tamaill bhig arís ar an tulach bheag chéanna. Rinne sé sos beag agus ansin d'imigh leis sa treo chéanna as a dtáinig sé an chéad lá ariamh. Ach ba láidre agus ba luainí agus ba lúfaire mar a d'eitil sé anois ná ariamh agus ba rí-léir dóibh siúd uilig a bhí ag amharc air gur athnuachan agus athbheochan a chonaic siad – ó sheanaois go hóige, nó mar a dúirt fáidh na salm: *renovabitur ut aquila iuventus tua* ('déanfar athnuachan ar d'óige mar bheadh iolar ann').

Ar a fheiceail an mhóriontais seo do Dhiúrán, ar seisean:

'Rachaimis ár bhfolcadh féin sa loch bheag, le go ndéanfaí athnuachan orainn féin mar a rinneadh ar an éan mhór.'

'Ní rachaidh, muis,' arsa comrádaí leis, 'mar is mór an salachar agus an nimh atá fágtha ina dhiaidh san uisce ag an éan mhór.'

'Go bhfóire Dia ar do chiall,' arsa Diúrán. 'Rachaidh mé féin ar dtús ann.'

Thum sé é féin in uisce an locha agus rinne é féin a fholcadh

ann. Gan fiú nár bhlais sé den uisce agus cupla bolgam de a ól. Ba mhaith a rinne sé. An fhaid ba bheo dó ina dhiaidh sin ba láidir a dhá shúil agus ariamh arís níor chaill sé fiacail as a bhéal nó ribe as a fholt ná níor bhain dó ariamh laige nó breoiteacht.

D'fhág siad slán agus beannacht ina dhiaidh sin ag an tseanóir naofa agus thug siad leo lón taistil den chaoirfheoil. Chuir siad an curach i bhfarraige agus thug aghaidh arís eile ar doimhin na farraige móire.

## 31

Tháinig siad ar inis eile ina dhiaidh sin – machaire mín réidh istigh ina lár. Ar an mhachaire sin bhí slua mór daoine agus iad uilig gafa de shíor le himirt chluichí, le greann agus le rachtanna gáire.

Chaith foireann an bháid crainn, mar a b'iondúil, le fear a roghnú leis an oileán a chuardach sul a rachadh an fhoireann uilig i dtír. Ar thríú comhalta Mhaoile Dúin a thit sé tabhairt faoin tástáil an t-am seo. Ach níor thúisce cos leagtha ag an fhear seo ar thalamh na hinise ná é chomh tógtha céanna le muintir na hinise féin le spórt, le siamsaíocht, le greann agus le síorgháire – é mar bheadh a shaol uilig go dtí sin caite aige ina measc.

D'fhan a cuid comrádaithe tamall an-fhada ag fuireacht go bpillfeadh sé orthu ach níor phill ariamh. Ba chosúil go raibh complacht an churaigh ligthe i ndearmad go hiomlán aige chomh maith leis an aistear fhada farraige a bhí curtha díobh acu. D'imigh Maol Dúin agus a fhoireann leo agus d'fhág ina ndiaidh é.

Seachtar déag a bhí siad anois ann. Oiread agus duine amháin de chuid leasdeartháireacha Mhaoile Dúin ní tháinig slán ón iomramh.

## 32

Nocht inis eile chucu ina dhiaidh sin – inis nár mhór ach a raibh múr tine thart ar fad uirthi. Ag síor-ghluaiseacht thart ar an inis a bhi an múr tine – i modh ciorclach agus é mar bheadh sé ar rothaí faoin fharraige.

Bhí doras oscailte i dtaobh amháin den bhábhún lasracha sin, agus am ar bith a mbíodh an doras sin os a gcomhair le linn a chúrsa, bhí radharc ag na mairnéalaigh tríd ar shaol an oileáin ar fad – ar a raibh ann de áitribh agus de dhaoine. Bhí cuid mhór daoine breátha rathúla ann – iad dea-ghléasta agus i mbun fleá agus féasta agus soithigh óir ina lámha. Agus chuala siad a gceol coirme agus ba mhór an tsástacht a fuair siad sa mhéid sin. Tamall fada a chaith siad ag breathnú ar na hiontaisí seo uilig agus b'aoibhinn leo a raibh le feiceáil acu.

## 33

Níorbh fhada ina dhiaidh sin a chonaic siad i bhfad uathu ar bharr na dtonnta taise mar bheadh éan beag geal ann. Dhírigh siad gob an bháid ó dheas ina threo go bhfaigheadh siad amach cén sórt ruda a bhí ann. Leag siad na seolta agus chuaigh ar na maidí rámha go dtáinig siad cóngarach dó. Chonaic siad ansin gur duine a bhí ann – duine nach raibh de chlúdach air ach fionnfholt fada geal a choirp féin. Ar charraig leathan a bhí sé agus é á ísliú féin de shíor uirthi in ómós do Rí na Cruinne. D'iarr siad a bheannacht go humhal air agus d'fhiafraigh siad ansin caidé a bhain dó a chas ar an charraig sin é.

'Ó Oileán Thoraigh,' ar seisean, 'a tháinig mé chun na carraige seo agus ba i dToraigh a tógadh mé i dtús mo shaoil.'

'Tharla gur cócaire a bhí ionam i mainistir Thoraigh ach, más ea, ba chócaire ainbheartach a bhí ionam – é mar chleachtas agam bia na heaglaise a raibh cónaí orm inti a ghoid agus a dhíol le

seoda agus séada agus earraí eile a cheannach dom féin. Ba lán m'áit chónaí de leapacha clúimh, de philiúir shaibhre agus éadach ildathach de gach aon chineál is fearr – éadach olla agus éadach lín, árais mhóra agus árais bheaga chré-umha agus bróistí airgid a raibh pionnaí óir iontu. Sa deireadh ní raibh in easnamh as stór taisce an tí sin rud ar bith den chineál a bhíonn daoine ag santú – go fiú leabharthaí órga agus málaí iompair na leabharthaí sin gona maisiú cré-umha agus maisiú óir.

Chuaigh mé as smacht ar fad ansin agus thosaigh mé ag tochailt faoi thithe na mainistreach go bhfaighinn ann taisce de chineál ar bith a bhí i bhfolach. Ba mhór é mo bhród agus ba mhór m'anuaill.

Lá amháin ansin, tugadh mar chúram dom uaigh úr a oscailt i reilg na mainistreach – sclábhaí bocht tuaithe a bhíothas i ndiaidh a chur isteach chun an oileáin lena adhlacadh. Nuair a bhí mé i gcionn mo chuid oibre ag an uaigh ansin, chuala mé guth ag teacht aníos chugam as an talamh faoi mo chosa.

'Is ea anois! Ná bí ag tochailt san áit sin!' arsa an guth. 'Ná leag colainn an pheacaigh bhrocaigh sin anuas sa mhullach orm féin – duine cráifeach naofa mé!'

'Idir mé agus Dia,' arsa mise le méid mo bhróid, 'Leanfaidh mé orm.'

'Bíodh agat,' arsa an duine naofa, 'Ach má leagan tú an corp sin anuas orm, gheobhaidh tú bás i gcionn thrí lá agus in Ifreann a bheas tú agus ní fhanfaidh an cholainn anseo cibé ar bith.'

Arsa mise leis an tseanóir ansin: 'Caidé a thabharfas tú domh as gan an corpán seo a leagan anuas ort?'

'Beatha síoraí in áitreabh Dé,' ar seisean.

'Agus cén dóigh a n-aithneoinn agam a leithéid?' arsa mise.

'Ní deacair duit,' ar seisean. 'Mar an uaigh atá tú anois a thochailt, beidh sí lán gainimh agus is léir nach mbeidh ar do chumas an cholainn seo a leagan anuas orm.' Níor thúisce an méid sin ráite ná an uaigh lán go barr le gaineamh. Rinne mé an cholainn a adhlacadh in áit eile ina dhiaidh sin.

Agus ansin lá eile chuir mé curach úr ar snámh ar muir, craiceann breá coirte uirthi. Chuaigh mé ar bord uirthi agus tháinig aoibhneas ar mo chroí ar a bheith ag breathnú tharam dom. Ná níor fhág mé i mo theach rud beag ná rud mór de mo thaisce

nár thug mé liom go mbainfinn sásamh as – mo chuid dabhcha, mo chuid cupaí agus mo cuid soitheach uilig. Ach agus mé ag breathnú ar an fharraige mhór agus an saol mór ina chalm dom, chonaic mé gaotha móra ag éirí chugam agus séideadh amach go domhain i bhfarraige mé féin agus mo churach agus gan radharc agam ón áit sin ar thír nó ar thalamh. Shocraigh mo churach fúm ansin agus ní raibh cor aisti in aon threo ná in aon áit. Nuair a dhearc mé tharam ar gach aon taobh ansin, chonaic mé ar thaobh na láimhe deise fear agus é ina shuí ar a shuaimhneas ar an toinn.

'Cá háit a bhfuil tú ag dul?' ar seisean liom.

'Is deas liom,' arsa mise, 'an treo ina dtéann mo radharc anois.'

'Nior dheas leat do dhóigh dá mbeadh fhios agat cén drong mhallaithe atá thart anseo anois ort.'

'Cén drong iad seo?'

'Chomh fada agus a théann radharc do shúl ar muir agus suas fhad leis na néalta os do chionnn tá slua ollmhór amháin deamhan thart uilig ort. Tá siad cruinn anseo de thairbhe do chuid sainte agus do chuid uaille – an bród agus an ghadaíocht agus do chuid drochghníomhartha ainmheasartha uilig. An bhfuil fhios agat,' ar seisean, 'cén fáth a bhfuil do churach ina stad?'

'Níl fhios,' arsa mise.

'Ní imeoidh do bhád as an áit a bhfuil sé anois go ndéana tú de réir mo thola.'

'Seans nach dual dom an méid sin.'

'Níl i ndán duit ach pianta Ifrinn má dhiúltaíonn tú a bheith faoi mo réir.'

Tháinig sé ionsorm ansin agus leag lámh orm. Gheall mé go ngéillfinn dá thoil.

'Caith uait a bhfuil bailithe agat de shaibhreas agus de thaisce sa bhád seo. Caith thar bord amach é.'

'Nach mairg a chuirfeadh amú é?'

'Ní rachaidh SÉ amú. Beidh duine ann a rachaidh sé chun sochair dó.'

Chaith mé uaim isteach ins an fharraige achan uile rud a bhí sa churach, ach amháin cupa beag adhmaid.

'Imigh leat anois,' ar seisean, 'agus cib'ith áit a bhéarfas do churaichín thú, fan ann.'

Thug sé dom cupa meadhguisce agus seacht leathbhuilín aráin

mar lón taistil. D'imigh mé liom ag fánaíocht ansin, cibé treo a bhéarfadh mo churach agus na gaotha mé, mar bhí na maidí rámha agus an stiúir caite díom agam fosta faoin am seo. Agus mé 'mo chaitheamh ó thoinn go toinn ansin séideadh sa deireadh mé fhad leis an charraig seo. Ba chontúirteach liom mo chás ansin mar ní raibh talamh ná tír le feiceáil in aird ar bith agam. Ach choinnigh me cuimhne ar an treoir a tugadh dom – cibé áit a bhéarfadh an sruth leis mé, fanacht ann.

D'éirigh mé 'mo sheasamh ansin sa churach agus chonaic mé an charraig bheag seo agus tonnta na farraige ag briseadh thairsti. Leag mé cos ar an charraig bheag sin, d'éalaigh uaim mo churach, d'ardaigh an charraig aníos as an uisce agus chúlaigh na tonnta uaithi.

Seacht mbliana a bhí mé anseo ar dtús agus mé beo ar an chupa meadhguisce agus ar na seacht leathbhuilín aráin a thug mé liom ón fhear a chuir uaidh mé. Is ann don mhéid sin i gcónaí.

Rinne mé troscadh thrí lá ansin. Ag deireadh na tréimhse sin i lár an tráthnóna, tháinig chugam dobharchú agus bradán aige dom ón fharraige. Rinne mé mo mhachnamh ansin arbh fhéidir liom an bradán a ithe gan é a bheith bruite. Ba léir dom nárbh fhéidir agus chuir mé arais san fharraige é. Troscadh thrí lá eile a rinne mé ina dhiaidh sin sula dtáinig an dobharchú chugam arais agus bradán arís aige dom. Ach an iarraidh seo, tháinig dobharchú eile in éinneacht leis agus píosa brosna lasta aige. Leag sé anuas ar an charraig é agus chuaigh a séideadh faoi agus á fhadú go géar go dtí gur lasadh tine as. Rinne mé an bradán a róstadh ansin.

Seacht mbliana eile a bhí mé ar an dóigh sin – bradán agam ón fharraige gach lá agus acmhainn agam ar é a róstadh; leathnaigh an charraig fúm go dtáinig fad agus fairsinge inti. Ach ansin seacht mbliana i gcomhaireamh an lae a tháinig an dobharchú an chéad uair riamh chugam, níor tugadh bradán ar bith chugam. Bhí mé trí lá ag troscadh arís. Ach ansin tugadh chugam leathbhuilín aráin chruithneachta agus greimín éisc mar anlann leis. D'imigh uaim mo chupa beag meadhguisce agus fágadh ina áit cupa atá ar chomhmhéid leis ach é lán de dhea-bhioltáilte. Seo thíos ar an charraig seo é agus is é a bhíonn lán gach lá. Thairis sin, ní bhíonn gaoth na fliuchlach ná teas ná fuacht ag cur orm san ionad seo.

Sin agaibh anois mo scéalsa,' arsa an seanóir.

I lár an tráthnóna ansin dáileadh leathbhuilín aráin agus greim éisc ar achan duine acu agus fuarthas insa chupa bheag a bhí os comhair an tseanduine naofa ar an charraig go leor den deoch lena sháith a thabhairt do achan duine. Labhair fear Thoraigh ansin leo:

'Bainfidh sibh uilig amach bhur dtír dhúchais,' ar seisean, agus an fear a mharaigh d'athair, a Mhaol Dúin, tiocfaidh tú air i ndún daingean atá romhat ar an ród. Ach ná maraigh é – tabhair maithiúnas dó. Mar is iomaí sin gábh asa dtug Dia slán sibh ar bhur n-aistear agus is fir sibh féin fosta a bhfuil an bás tuillte agaibh.'

Bheannaigh na mairnéalaigh ansin don tseanóir agus d'imigh siad leo ar an chúrsa ba ghnáthach leo.

## 34

I ndiaidh seanóir naofa Thoraigh a fhágáil ina ndiaidh, bhain mairnéalaigh Mhaoile Dúin amach oileán eile. Bhí cuid mhór beithíoch eallaigh ar an oileán seo – tréada damh agus buaibh agus caorach. Tharla gan teach ná dún ná cónaí ann, chuaigh siad a dh'ithe feoil na gcaorach. Agus ba ansin a dúirt cuid acu, ar a fheiceáil fabhcúin mhóir dóibh sa spéir:

'Is cosúil an t-éan sin le fabhcún de chuid na hÉireann.'

'M'anam gur fíor duit,' arsa cuid eile acu.

'Coinnigí súil air,' arsa Maol Dúin, 'go bhfeice muid cén treo a rachaidh sé uainn.'

Chonaic siad ansin gur soir ó dheas a d'eitil sé. Chuaigh siad a rámhaíocht ansin agus iad ag leanstan an éin go dtí go raibh deireadh an lae nach mór ann. Le titim na hoíche ansin chonaic siad uathu talamh a bhí iontach cosúil le talamh na hÉireann. Thriall siad ina threo. Tháinig siad ar inis bheag, agus ba í an inis chéanna í ónar thug an ghaoth léi iad amach ar an domhain ag tús a n-aistir.

Chuir siad i dtír ansin agus chuaigh siad fhad leis an dún a bhí ar an oileán. Stad siad taobh amuigh a dh'éisteacht. I mbun proinne agus i mbun a gcomhrá a bhí muintir an dúna. Chualathas cuid acu ag rá:

'Ba mhéanar dúinn gan Maol Dúin a chastáil inár slí.'

'Báitheadh Maol Dúin sin,' arsa fear eile.

'Seans gurb é a mhusclós as bhur suan sibh,' arsa fear eile arís.

'Dá mbeadh sé le theacht chugainn anois,' arsa fear eile, 'Caidé a dhéanfadh muid?'

'Ní deacair do cheist a fhreagairt,' arsa taoiseach an tí. 'Fáilte mhór chroíúil a bheadh roimhe, dá dtiocfadh sé, mar is é atá faoi bhuairt le fada an lá anois agus is iomaí gábh a raibh sé ann.'

Bhuail Maol Dúin cnag ar an doras.

'Cé atá ann?' arsa an doirseoir.

'Maol Dúin atá anseo,' a deir sé féin.

'Oscail an doras mar sin,' arsa an taoiseach. 'Tá fíor-chaoin fáilte romhaibh sa teach seo anocht.'

Tugadh isteach iad, cuireadh fáilte mhór rompu agus tugadh éadaigh úra chucu. Shuigh siad abhus agus labhair siad fá na hiontaisí uilig a nochtadh dóibh le linn a n-aistir. Nó i mbriathra an fháidh: *Haec olim meminisse iuvabit* (b'aoibhinn feasta smaoineamh siar ar na nithe seo).

Chuaigh Maol Dúin arais go dtí n-a áit dhúchais féin. Thug Diúrán Leicceard leis na cúig leathunsa airgid a bhain sé den líon ar Oileán an Lín Airgid agus d'fhág ar altóir Ardeaglais Ard Mhacha iad.

FINIT AMEN FINIT